

Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Tuarascáil Bhliantúil 2021



cetb

Bord Oideachais agus
Oiliúna Chorcaí
*Cork Education and
Training Board*

Tá conair ann do gach foghlaimeoir

Clár na nÁbhar

1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach agus ó Phríomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.....	3
2. Ráiteas Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.....	4
3. Próifíl Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí	9
Léarscáil Gheografach de BOO Chorcaí	
4. Ráiteas Seirbhísí mar atá mínithe i bPlean Seirbhíse 2020	12
5. Forbhreathnú ar Sheirbhísí Breisoideachas, Oiliúint agus Corparáideacha	26

1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach agus ó Príomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Is cúis bhróid dúinn é Tuarascáil Bhliantúil BOO Chorcaí a chur i láthair le chéile don bhliain 2021. Tá taithí mhaith ag BOO Chorcaí mar eagraíocht ar athrú agus ar a chuid seirbhísí a thabhairt chun cinn, lena chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais oideachais agus oiliúna a fhoghlaimoírí agus an phobail i gcoitinne, chun an t-eolas agus na scileanna a sholáthar a theastaíonn chun leanúint ar aghaidh, agus aghaidh a thabhairt ar an ardoideachas nó ar dhomhan na hoibre.

Léiríonn na torthaí a sainaitníodh sa Tuarascáil Bhliantúil an dul chun cinn agus an fás leanúnach atá á dhéanamh bliain ar bhliain trí thagairt dár bPleananna Seirbhíse. Ina theannta sin, tá go leor gníomhaíochtaí agus seirbhísí ann nach bhfuil mionsonraithe sa Tuarascáil toisc gur cláir agus seirbhísí iad seo a leanann ag forbairt de réir a chéile mar fhreagairt ar an timpeallacht athraitheach, eacnamaíoch agus sóisialta ina n-oibrímid.


Lean BOO Chorcaí, le linn 2021, ag glacadh páirte agus ag comhdhlúthú a róil mar chomhpháirtí oideachais agus sóisialta laistigh de Fhóram na Cathrach agus an Chontae. Léiríonn rannpháirtíocht na foirne i dtionscnaimh áitiúla chun tacú le pobail agus lenár bhfoghlaimoírí solúbthacht agus inoiriúnaitheacht na heagraíochta maidir le haon dúshlán a shárú.

Ag breathnú siar, ba bhliain í 2021 a bhí dúshlánach maidir le COVID 19 a bhainistiú agus ár bhfreagraí air sin. Ba bhliain í nuair a chuamar isteach i bpróiseas comhairliúcháin láidir chun ár Ráiteas Straitéise nua 2022 -2026 a fhorbairt chomh maith le bunús a leagan síos dár gColáiste nua Breisoideachais agus Oiliúna i gCorcaigh. Réimse amháin a bhfuilimid an-bhródúil as áfach ná oscailt an chéad Phobalscoil Náisiúnta Speisialta de chuid BOO Chorcaí i gCarraig Uí Leighin a cuireadh i gcrích trí gach snáithe den eagraíocht ag obair mar cheann amháin lena chinntiú gur osclaíodh an scoil in am do thús na bliana acadúla 2021-2022.

Ba mhaith linn an deis seo a thapú chun ár mbuíochas a chur in iúl d'fhoireann Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, do Chomhaltaí den Bhord, do bhaill de Bhoird Bhainistíochta agus de Ghrúpaí Comhairleacha as a gcuid oibre crua agus a dtacaíochta lena chinntiú go gcuirimid ár dtosaíochtaí i gcrích, go ndéanaimid iarracht i gcónaí seirbhísí cuí ar ardchaighdeán a sholáthar d'fhoghlaimoírí chun tacú lena dturas foghlama ar feadh an tsaoil agus a chinntíonn gur eagraíocht bhríomhar í BOO Chorcaí i gcónaí. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil freisin lenár bhfoghlaimoírí, lenár mbaill den phobal agus lenár bhfostóirí a roghnaíonn BOO Chorcaí i gcónaí mar sholáthraí rogha san Oideachas agus Oiliúint.



An Comhairleoir Patrick Gerard Murphy
Cathaoirleach



Denis Leamy
Príomhfheidhmeannach

2. Ráiteas Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus tá sé freagrach agus cuntasach as treoir agus rialú ceart a fheidhmeanna i limistéir údarais áitiúil Chomhairle Cathrach Chorcaí agus Chomhairle Contae Chorcaí.

Comhlíonann Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí an Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, Ciorclán 0002/2019 na Roinne Oideachais. Is é cuspóir an chóid a chinntiú go gcuireann BOO Chorcaí prionsabail an dea-rialachais agus na bainistíochta i bhfeidhm.

Feidhmeanna an Bhoird

Is feidhmeanna forchoimeáda iad cinntí a nglacann an Bord agus leagtar amach iad in Alt 12 (2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus i gCiorclán 0002/2019 Cód Cleachtais do Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna, le sceideal iomlán leagtha amach in Aguisín A den Chód. Meastar gur Feidhmeanna Feidhmiúcháin don Phríomhfheidhmeannach iad cinntí nach sonraítear sa Chód. Tá an Bord sásaithe go ndéanann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna a tharmligean nuair is cuí agus de réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil lena nochtar, le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais alt 51 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013. Tá an Bord freagrach leis as a cuid sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú. Measann an Bord go gcuirtear ioncam agus caiteachas an Bhoird agus staid chúrsaí an Bhoird i láthair i gceart sna Ráitis Airgeadais Bliantúla

Agus na cuntais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an mBord:

- (a) na polasaithe cuntasafóchta caighdeánacha a chur i bhfeidhm chun ráitis airgeadais BOO a ullmhú
- (b) breithiúnais agus meastacháin chuntasafóchta atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- (c) aon imeacht ábhartha ó na polasaithe caighdeánacha cuntasafóchta a nochtadh agus a mhíniú

I rith 2021 d'fhaomh an Bord na cáipéisí seo a leanas;

- Glacadh leis an Tuarascáil Bhliantúil
- Ráitis Airgeadais
- Glacadh leis an bPlean Seirbhíse
- Freastal údaraithe na gcomhaltaí ag comhdhálacha.
- Éadail, sealbhú agus diúscairt talún nó leasa a faomhadh de réir rialachán RO.
- A chinntiú go gcoinnítear taifid chruinne ar chruinnithe agus ar chinntí.

Cruinnithe Boird

Tháinig an Bord le chéile ar sheacht ócáid i rith na bliana agus tá sonraí an tinrimh leagtha amach sa tábla thíos. (AP – Leithscéal, P - I Láthair, A - As Láthair, R - Éirithe As, V - Folamh)

Ainm an Chomhalta	Comhlacht Ainmniúchá in	25.02.21	25.03.21	27.04.21	27.05.21	24.06.21	23.09.21	23.11.21	Líon cruinnithe ar freastalaíodh orthu
An Comh. Karen Coakley	Comhairle Chontae Chorcaí	AP	P	AP	P	P	P	AP	4
An Comh. Kay Dawson	Comhairle Chontae Chorcaí	P	P	AP	P	P	P	P	6
An Comh. Noel McCarthy	Comhairle Chontae Chorcaí	AP	P	P	P	P	P	P	6
An Comh. Patrick Gerard Murphy (Cathaoirleach)	Comhairle Chontae Chorcaí	P	P	P	P	P	P	P	7
An Comh. Gobnait Moynihan	Comhairle Chontae Chorcaí	AP	P	P	P	A	P	P	5
An Comh. Martin Coughlan	Comhairle Chontae Chorcaí	A	A	A	A	R	V	V	0
An Comh. James Kennedy	Comhairle Chontae Chorcaí	P	P	P	P	P	P	P	6
An Comh. Ben Dalton O'Sullivan	Comhairle Chontae Chorcaí	A	P	P	P	P	A	P	4
An Comh. Sean Martin	Comhairle Cathrach Chorcaí	P	P	P	P	P	P	P	7
An Comh. Mary Rose Desmond	Comhairle Cathrach Chorcaí	P	P	P	P	P	AP	A	5
An Comh. Derry Canty	Comhairle Cathrach Chorcaí	AP	P	P	AP**	P	P	P	5
An Comh. Colette Finn	Comhairle Cathrach Chorcaí	P	P	P	P	P	P	P	7
Maura Fitzgibbon, Uas.	Ainmní Foirne	P	P	P	P	P	P	P	7
An tUas. Patrick O'Dwyer	Ainmní Foirne	P	P	P	P	A	P	AP	5
Maria McGrath Uas.	NPAETB	AP	P	AP	P	P	P	P	5
An tUas. Rob Bateman	NPAETB	P	P	P	P	P	R	V	5
Mary Hegarty (Leas-Chathaoirleach)	ACCS/JM B/NAPD	P	AP	P	P	P	P	P	6
An tUas. Denis Kirby	Chambers Ireland	P	P	P	P	P	P	P	7
An tUas. Liam Ahern	Siondróm Down na hÉireann	P	P	P	P	P	P	P	7

An tUas. Declan O'Leary	Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann	P	P	P	P	P	P	P	7
Ann Piggott, Uas.	ICTU	P	P	P	P	P	P	P	7

**** AP mar atá ar Ghnó BOO Chorcaí**

Cruinnithe an Choiste Airgeadais

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile ceithre huairé i rith na bliana agus tá sonraí an tinrimh leagtha amach sa tábla thíos.

Clár Tinrimh agus Minicíocht Cruinnithe an Choiste Airgeadais						
Ainm an Chomhalta	Sonraigh an Comhalta Inmheánach nó Seachtrach é/í	An 21 Feabhra 2021	An 10 Meitheamh 2021	An 14 Meán Fómh 2021	An 17 Samhain 2021	Líon cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Jamie O'Leary (Cathaoirleach)	Seachtrach	I Láthair	I Láthair	I Láthair	I Láthair	4
Mary Hegarty, Uas.	Inmheánach	I Láthair	I Láthair	Leithscéal	I Láthair	3
An Comhairleoir Kay Dawson	Inmheánach	Leithscéal	I Láthair	I Láthair	Leithscéal	2
An tUas. Desmond Daly	Seachtrach	I Láthair	I Láthair	Leithscéal	I Láthair	3
Sean O'Sullivan, Uas.	Seachtrach	I Láthair	I Láthair	I Láthair	I Láthair	4
An tUas. Kieran Hannon	Seachtrach	I Láthair	Leithscéal	I Láthair	I Láthair	3

Cruinnithe an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

Tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile cúig huairé i rith na bliana agus tá sonraí an tinrimh leagtha amach sa tábla thíos.

Clár Tinrimh & Minicíocht Cruinnithe an Choiste Iniúcháireachta & Riosca							
Ainm an Chomhalta	Sonraigh an Comhalta Inmheánach nó Seachtrach é/í	An 23 Feabhra 2021	An 15 Márta 2021	An 18 Bealtaine 2021	An 21 Meán Fómhair 2021	An 14 Nollaig 2021	Líon Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
An tUas. Tim Healy (Cathaoirleach)	Seachtrach	I Láthair	I Láthair	I Láthair	I Láthair	I Láthair	5
An tUas. Denis Kirby	Inmheánach	I Láthair	I Láthair	I Láthair	I Láthair	I Láthair	5
An tUas. Tom Rigney	Seachtrach	I Láthair	I Láthair	I Láthair	I Láthair	I Láthair	5
An tUas. Declan O'Leary	Inmheánach	I Láthair	I Láthair	I Láthair	I Láthair	I Láthair	5
An tUas. Jamie O'Leary	Seachtrach	I Láthair	I Láthair	I Láthair	I Láthair	I Láthair	5

Bainistíocht Riosca:

Déanann an Bord maoirseacht ghníomhach ar bhainistiú riosca agus deimhníonn an Bord go bhfuil measúnú déanta ar na príomhrioscaí, ar na bearta maolaithe a bhaineann leis na rioscaí sin agus go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht na mbearta seo in 2021. Déanann an Bord bainistíocht ar riosca don eagraíocht trí chlár bainistíochta riosca struchtúrtha. Faigheann an Bord cúnaimh ina fheidhm bainistíochta riosca ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca. Braitheann an Bord freisin ar an Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí (IAU) agus ar a thuarascálacha agus ar iniúchadh bliantúil C&AG agus ar aon Iniúchadh seachtrach eile amhail iniúchadh ESF agus/nó Iniúchadh ar ioncam. Chomh maith leis sin, déantar athbhreithniú ar na Rialuithe Inmheánacha ar bhonn bliantúil.

Is mír bhuan í Bainistíocht Riosca ag gach cruinniú Boird agus áirítear an méid seo a leanas leis na nithe a bhreithnítear:

- Tuarascálacha riosca ón mbainistíocht shinsearach lena n-áirítear an Príomhoifigeach Riosca (CRO)
- Tuarascálacha an Coiste Iniúchta & Riosca
- Athruithe ar rátálacha riosca
- Clár Iniúchta

Tá sonraí faoi na príomhrioscaí agus na bearta nó na straitéisí maolaithe gaolmhara curtha san áireamh sa SIC mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta a fhoilseofar laistigh de mhí amháin tar éis iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh.

Córas rialaithe inmheánach:

Deimhníonn an Bord go bhfuil athbhreithniú déanta ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach agus go bhfuil an Ráiteas um Rialú Inmheánach, atá faoi réir athraithe go dtí go mbeidh an t - iniúchadh seachtrach críochnaithe, curtha san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bliantúla (AFS) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021. Foilseofar laistigh de mhí amháin é ó bheith faighte ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus mar aguisín leis an Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire

Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair:

Deimhníonn an Bord go bhfuil an eagraíocht ag cloí le gnéithe ábhartha den Chód Cainteachais Poiblí agus le forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Corparáidigh Soláthair.

Cánachas:

Deimhníonn an Bord gur chomhlíon an BOO a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach.

Ráitis Airgeadais 2021

Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 faoi réir iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (C&AG) tráth fhoilsithe na Tuarascála Bliantúla 2021. Foilseoidh an BOO na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí tar éis iad a fháil ón ARC & C.

Tá sonraí airgeadais maidir leo seo a leanas san áireamh sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil:

- Déantar anailís de réir catagóire na dtáillí ar tháillí nach táillí tuarastail iad a foctar i leith Baill an Bhoird
- Sonraí comhiomlána an chúitimh ar phríomhbhainistíocht arna n - anailísiú de réir na gcatagóirí seo a leanas, lena n - áirítear cúiteamh bainistíochta san iomlán;
 - o Tuarastail agus sochair gearrthéarmacha fostaithe
 - o Sochair iarfhostaíochta
 - o Sochair scoir
- Príomhchúiteamh bainistíochta más ann dó;
- Sonraí faoi líon na bhfostaithe ar thit a sochar iomlán fostaí (gan costas pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe idir €0 agus €59,999 agus laistigh de gach banda pá de €10,000 agus €60,000 nó níos airde agus figiúr foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin fostóra iomlána.

Sínithe: 

Dáta: An 26 Bealtaine 2022

An Comhairleoir Patrick Gerard Murphy

Cathaoirleach, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

3. Próifíl Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí (dá ngairtear BOO Chorcaí anseo feasta) faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus tá sé freagrach agus cuntasach as treoir agus rialú ceart a fheidhmeanna i limistéir údaráis áitiúil Chomhairle Cathrach Chorcaí agus Chomhairle Contae Chorcaí.

San Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna leagtar amach raon leathan feidhmeanna reachtúla do na Boird, lena n-áirítear an rogha atá ar fáil don Aire Oideachais maidir le freagrachtaí sonracha breise a shannadh do Bhord nó do Bhoird, de réir mar is gá.

Ina cháil mar chomhlacht reachtúil a bhfuil freagracht air as oideachas agus oiliúint ardchaighdeáin a chur chun cinn agus a sheachadadh i gCorcaigh, cinntíonn rannpháirtíocht ghníomhach ar bhoird éagsúla go gcuireann BOO Chorcaí go dearfach le forbairt Chorcaí mar Chathair agus Contae Foghlama le heacnamaíocht láidir agus todhchaí sochaíoch amach romhainn. Cuirtear leis sin mar gheall ar chomhoibriú gníomhach le go leor páirtithe leasmhara cosúil leis an Roinn Oideachais, DFHERIS, SOLAS, MTU, UCC, Comhairle Contae Chorcaí, Cumann Chomhlachais Tráchtála Chorcaí, Boird Comhpháirtíochtaí, Coistí Forbartha Pobail Áitiúil, UNESCO, Fóram an ECFE maidir le Fostaíocht Áitiúil agus Forbairt Gheilleagrach.

Tá BOO Chorcaí tiomanta do ghach gné de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe chun cinn agus leagann sé béim ar leith ar Sprioc 4, is é sin oideachas ardchaighdeáin a chur ar fáil agus foghlaim fad saoil do chách a chur chun cinn agus tabharfaidh BOO Chorcaí faoi roinnt tionscnamh, i gcomhar le hinstitiúidí oideachais agus údaráis áitiúla eile i gCorcaigh, chun próifíl na foghlama ar feadh an tsaoil a ardú agus feasacht a mhéadú ar Chorcaigh mar Chathair agus Contae Foghlama.

Chun tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil agus chun a chinntiú go gcuirtear réimse roghanna ar fáil dár bhfoghlaimoirí atá bunaithe ar chomhionannas agus a dhíríonn ar theagasc agus ar fhoghlaim den scoth a sholáthar, soláthraíonn BOO Chorcaí sraith leathan éagsúil seirbhísí oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dóibh seo a leanas:

- Pobalscoileanna Náisiúnta (Bunoideachas)
- Iarbhunscoileanna agus Coláistí
- Coláistí Breisoideachais (Iar-Ardteistiméireacht)
- Seirbhísí Oiliúna
- Seirbhísí Oideachais d'Aosaigh agus don Phobal
- Seirbhísí Óige
- Seirbhísí Naíolainne
- Seirbhísí Oideachais Allamuigh

Leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil, bíonn dúshlán ann don eagraíocht nuair a dhéantar iad a chomhcheangal le líon na bhfoghlaimoirí agus na bpáirtithe leasmhara a gcuirimid seirbhísí ar fáil dóibh agus éagsúlacht na n-ionchas atá ann maidir le torthaí.

Tá BOO Chorcaí ar cheann de na soláthraithe oideachais is mó i gCorcaigh, ag freastal ar níos mó ná 25,791 foghlaimoir in 2021, ar fud a Sheirbhísí Oideachais agus Oiliúna Bunscoile, Iar-bhunscoile agus Breisoideachais. Is ionann líon iomlán foirne BOO Chorcaí agus 3,500, rud a chiallaíonn go bhfuil sé ar cheann de na fostóirí is mó sa réigiún.

Cinntíonn BOO Chorcaí, trína rannpháirtíocht leis an Roinn Oideachais, curaclam leathanbhunaithe a sholáthar chun a chinntiú go rachaidh ár gcuid mac léinn ar aghaidh ón mBunscoil agus ón Iarbhunscoil le hoideachas ardcháilíochta atá bunaithe ar phrionsabal na gcomhdheiseanna do gach leanbh.


Comhoibríonn BOO Chorcaí go gníomhach le SOLAS maidir le haidhmeanna straitéiseacha a fhorbairt chun Breisoideachas agus Oiliúint a fhorbairt mar fheithicil forbartha agus uasoiliúna. Déanfar é sin trí shainchúrsaí, cúrsaí oiliúna, printíseachtaí, oideachas litearthachta agus oideachas pobalbhunaithe a chur ar fáil trína mbeidh daoine d'aois nó cúlra ar bith ábalta dul ar aghaidh go dtí ardoideachas nó dul chun cinn a dhéanamh i saol na hoibre.

Tá cumasú ár bhfoghlaimoirí a gcumas a bhaint amach trí theagasc agus foghlaim dírithe ag croílár an méid a dhéanann ár scoileanna, coláistí agus ionaid. Déanaimid ár ndícheall é seo a dhéanamh áfach i dtimpeallacht a thacaíonn agus a chothaíonn gach gné d'fhorbairt phearsanta an fhoghlaimora lena chinntiú go bhfuil na scileanna, an t-eolas agus an athléimneacht acu chun an bealach a roghnaíonn siad a leanúint. Tá ceiliúradh gnóthachtála an duine aonair lárnach san fhorbairt seo.

Soláthraíonn BOO Chorcaí raon tacaíochtaí dár soláthar oideachais agus oiliúna lena n-áirítear airgeadas, acmhainní daonna, eastáit, TFC, seirbhísí corparáideacha, tacaíocht rialachais chomh maith le tacaíocht pleanála oideachais.

Tá faisnéis ar réimse iomlán an tsoláthair oideachais agus oiliúna ar fáil ar láithreán gréasáin BOO Chorcaí.

Léarscáil Gheografach de BOO Chorcaí



4. Ráiteas Seirbhísí mar atá mínithe i bPlean Seirbhíse 2020

Cinnteadh BOO Chorcaí, trína rannpháirtíocht leis an Roinn Oideachais, curaclam leathanbhunaithe a sholáthar chun a chinntiú go rachaidh ár gcuid mac léinn ar aghaidh ón mBunscoil agus ón Iarbhunscoil le hoideachas ardcháilíochta atá bunaithe ar luach na gcomhdheiseanna do gach leanbh.

Leanann BOO Chorcaí de bheith ag comhoibriú le SOLAS maidir le haidhmeanna straitéiseacha a fhorbairt chun Breisoideachas agus Oiliúint a fhorbairt mar fheithicil forbartha agus uasoiliúna. Déanfar é sin trí shainchúrsaí, cúrsaí oiliúna, printíseachtaí, oideachas litearthachta agus oideachas pobalbhunaithe a chur ar fáil trína mbeidh daoine d'aois nó cúlra ar bith ábalta dul ar aghaidh go dtí ardoideachas nó dul chun cinn a dhéanamh i saol na hoibre.

Leanann BOO Chorcaí de bheith ag comhoibriú le SOLAS maidir le haidhmeanna straitéiseacha a fhorbairt chun Breisoideachas agus Oiliúint a fhorbairt mar fheithicil forbartha agus uasoiliúna. Déanfar é sin trí shainchúrsaí, cúrsaí oiliúna, printíseachtaí, oideachas litearthachta agus oideachas pobalbhunaithe a chur ar fáil trína mbeidh daoine d'aois nó cúlra ar bith ábalta dul ar aghaidh go dtí ardoideachas nó dul chun cinn a dhéanamh i saol na hoibre.

Is tosaíocht straitéiseach de chuid BOO Chorcaí í forbairt Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chorcaí agus is tosaíocht í a léiríonn straitéis náisiúnta SOLAS agus DFHERIS. Is gnóthas substaintiúil é seo a thosaigh in 2021 agus beidh BOO Chorcaí ag dul isteach i gcéim chomhdhlúthaithe, fáis agus forbartha dá bhonneagar agus do sholáthar seirbhísí d'fhoghlaimoirí araon.

Cinnteadh BOO Chorcaí, trína rannpháirtíocht leis an Roinn Oideachais, curaclam leathanbhunaithe a sholáthar chun a chinntiú go rachaidh ár gcuid mac léinn ar aghaidh ón mBunscoil agus ón Iarbhunscoil le hoideachas ardcháilíochta atá bunaithe ar luach na gcomhdheiseanna do gach leanbh.

In 2021 d'oscail BOO Chorcaí a chéad Scoil Speisialta Phobail Náisiúnta i gCarraig Uí Leighin. Seachadadh an tionscadal seo le spriocdhátaí dochta trí chomhoibriú gníomhach tras-fheidhmiúil na Ranna BOO inmheánacha i gCorcaigh, an Roinn Oideachais, NEPS

Tugann tionchar COVID-19 dúshlán don phobal teagaisc, tuillimh agus riaracháin i gcónaí maidir le seachadadh agus comhairle sláinte poiblí atá ag athrú. Choinnigh BOO Chorcaí cur chuige gnó mar is gnách le fócas ar a chinntiú go ndearna gach foghlaimoir / mac léinn a gcuid scrúduithe / measúnuithe oideachais agus oiliúna. Rinneadh an cur chuige seo a mhacasamhlú san fheidhm riaracháin le fócas ar ionracas oibríochta a choinneáil agus tionscadail shonracha a sainathnódh do 2021 a chur i gcrích.

Ina cháil mar chomhlacht reachtúil a bhfuil freagracht air as oideachas agus oiliúint ardchaighdeáin a chur chun cinn agus a sheachadadh i gCorcaigh, cinntíonn rannpháirtíocht ghníomhach ar bhoird éagsúla go leanann BOO Chorcaí ag cur agus ag fás go dearfach le forbairt Chorcaí mar Chathair agus Contae Foghlama le heacnamaíocht láidir agus todhcháil sochaíoch amach romhainn. Cuirtear leis sin mar gheall ar chomhoibriú gníomhach le go leor eintiteas cosúil le Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (a bunaíodh mar Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan an 1 Eanáir 2021), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Comhairle Contae Chorcaí, Cumann Chomhlachais Tráchtála Chorcaí, Boird Comhpháirtíochtaí, Coistí Forbartha Pobail Áitiúil, UNESCO, Fóram an ECFE maidir le Fostaíocht Áitiúil agus Forbairt Gheilleagrach.

Faoi théarmaí an Chomhaontaithe um Sheachadadh Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus BOO Chorcaí aithníodh na spriocanna agus na tosaíochtaí seo a leanas inár bPlean Seirbhíse 2021.

Tá na gníomhaíochtaí sonracha chun na tosaíochtaí seo a bhaint amach, mar aon leis na táscairí feidhmíochta agus na torthaí gaolmhara a seachadadh le linn 2021 leagtha amach thíos;

Toradh	Tosaíocht:	Gníomh:	Táscaire Feidhmíochta	Spríoc agus Toradh
Rialachas	Rátaí tinrimh ag cruinnithe boird	Ba chóir do bhoird ar leith béim a leagan an athuair ar an riachtanas freastal ar gach cruinniú boird de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas CETBanna.	Clár Tinrimh	Leanadh ar aghaidh le cruinnithe Boird a sheachadadh ar líne le córam iomlán ag gach cruinniú
	Féinmheasúnuithe an Bhoird	Ba chóir do gach bord féinmheasúnú a dhéanamh, ag baint úsáide as an gceistneoir atá san áireamh sa Chód Cleachtais, chun réimsí ina bhfuil gá le feabhsúcháin a aithint.	Féinmheasúnuithe déanta le Taifid de bhileoga measúnachta comhlánaithe agus mír phlé i miontuairiscí na mbord	Féinmheasúnuithe a rinneadh i mí an Mhárta 2021
	Saineolas airgeadais ar choistí iniúcháireachta agus airgeadais	Ba chóir don Bhord ceapacháin ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanamh i gcomhairle le cathaoirligh na gcoistí iniúcháireachta agus riosca. Ba cheart go gcuirfeadh baill sheachtracha na gcoistí na scileanna agus an taithí iniúcháireachta agus airgeadais is gá leis an ról.	Coistí Airgeadais agus Iniúcháireachta ag feidhmiú de réir chód cleachtais	Baill sheachtracha a bhfuil na scileanna agus an taithí riachtanach acu
	Breithmheas an Bhoird ar obair a dhéanann na Coistí Airgeadais agus Iniúcháireachta & Riosca	Ba chóir do chathaoirleach gach boird a chinntiú go dtugtar tuairiscí i scríbhinn do bhaill an bhoird ar an obair a dhéanann coistí airgeadais agus iniúchta & riosca mar a éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas BOO.	Tuairisc curtha isteach agus curtha faoi bhráid an Bhoird ag na Coistí Airgeadais agus Iniúcháireachta & Riosca	Tuairiscí curtha faoi bhráid Chruinniú an Bhoird i mí an Mhárta agus nótaílte sna Miontuairiscí

Féinmheasúnú ag na Coistí Airgeadais agus Iniúcháireachta & Riosca	Ba chóir do chathaoirligh an iniúchta agus an riosca agus an airgeadais araon a chinntiú go gcríochnaítear féinchleachtadh go bliantúil mar a éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas BOO.	Féinmheasúnuithe déanta le Taifid de bhileoga measúnachta comhlánaithe agus mír phlé i miontuairiscí na gCoistí	Féinmheasúnuithe déanta ag na Coistí Airgeadais agus Iniúcháireachta & Riosca
Spríodhataí tuairiscithe na Roinne	Ba chóir cloí leis na spríodhataí tuairiscithe atá leagtha síos ag an Roinn.	Tuairiscí a chur isteach mar a d'iarr an Roinn sna spríodhataí riachtanacha	Tuarascálacha curtha isteach de réir spríodhataí
Beartas Bainistithe Riosca	Ba chóir do bhord gach BOO a chinntiú go bhfuil próiseas leanúnach chun rioscaí suntasach a aithint agus plé leo i dtreo aidhmeanna an eisigh a bhaint amach. Ba chóir don choiste iniúchadh agus riosca tacú leis an mbord sa ról úd.	Beartas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm leis an gClár Riosca gníomhach i bhfeidhm le hathbhreithnithe ráithiúla. Tuairisciú rialta don gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca	Athbhreithnithe aitheanta i miontuairiscí cruinnithe an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca
Rialuithe Imheánacha	Ba chóir do bhord gach BOO a chinntiú go bhfaigheann sé dearbhú leordhóthanach go bhfuil rialuithe sonraithe ag feidhmiú mar a bhí beartaithe.	Córas rialaithe imheánach i bhfeidhm chun an bord a dhearbhú le sreabhadh próisis mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais	Athbhreithniú curtha i gcrích de réir spríodhataí reachtúla

	An cleachtas is fearr sa soláthar a leanúint	<p>Anailís ar chaiteachas 2020 agus ullmhú MAPP le cur faoi bhráid BOO Éireann</p> <p>Plean Soláthair Chorpáidigh a ullmhú do 2021</p> <p>Tacú le cur chun feidhme Nósanna Imeachta Soláthair agus oiliúint agus tacaíocht leanúnach a sholáthar de réir mar is gá</p>	<p>Réimsí a aithint óna dteastaíonn próisis soláthair ar fud na heagraíochta.</p> <p>Tugtar tús áite do chur chuige struchtúrtha i leith soláthair.</p> <p>Comhlíonadh soláthair a mhéadú.</p> <p>Coinneáil suas chun dáta le forbairtí sa soláthar poiblí</p>	<p>Anailís ar chaiteachas críochnaithe agus Plean Soláthair Chorpáidigh 2021 curtha ar fáil le tacaíochtaí agus oiliúint leanúnach curtha ar fáil de réir mar is gá</p>
Tacaíocht Foirne	Forbairt Foirne	<p>Ba chóir don bPríomhfheidhmeannach a chinntiú;</p> <ul style="list-style-type: none"> • Go gceaptar comhalta foirne mar bhainisteoir oiliúna • Déantar anailís ar riachtanais oiliúna sa bhainistíocht airgeadais ar bhonn bliantúil • Forbraítear clár oiliúna ar bhainistíocht airgeadais agus cuirtear i bhfeidhm é 	<p>Cuirfear tús le hathbhreithniú ar Fhoghlaim agus Forbairt Eagraíochtúil chun a chinntiú go bhfuil struchtúir agus socruithe cuí i bhfeidhm chun freastal ar anailís ar riachtanais oiliúna agus go bhforbraítear agus go gcuirtear clár chuí i bhfeidhm</p>	<p>Bunaíodh Grúpa Gairmiúil Foghlama agus Forbartha in 2021 ar fud na stiúrthóireachtaí go léir agus tá clár oibre le forbairt do 2022 bunaithe ar anailís riachtanas oiliúna ar réimsí spriocdhírthe ar leith</p>
Cosaint Leanaí	Eispéireas na nDaltaí/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú	<ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú go bhfuil gach beart cosanta leanaí atá riachtanach i bhfeidhm de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile 2017 	<p>Tuairiscíonn Cosaint Leanaí tuairisc chaighdeánach ar gach Bord Bainistíochta</p>	<p>Comhlíonadh iomlán á chothabháil</p>

		<ul style="list-style-type: none"> A chinntiú go gcloítear go hiomlán leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile 2017 		
Seachadadh Seirbhíse	Cláir um Chosaint	Cuidiú leis an ROS, de réir mar is gá, chun freastal ar na riachtanais a eascraíonn as Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint agus soláthar d'iaratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta		

Chomh maith leis na spriocanna agus na tosaíochtaí a comhaontaíodh go náisiúnta thuas, tosófar nó seachadfar na tosaíochtaí straitéiseacha sonracha seo a leanas do BOO Chorcaí le linn 2020 chun a chinntiú go gcuirfean an Ráiteas Straitéise foriomlán chun cinn.

Toradh	Tosaíocht:	Gníomh:	Táscaire Feidhmíochta	Toradh
Comhionannas agus Cearta an Duine	Dualgas na hearnála poiblí ar Chomhionannas agus Cearta an Duine de chuid BOO Chorcaí a chur i bhfeidhm	<ul style="list-style-type: none"> Ba chóir Dréacht-Ráiteas um Chomhionannas agus Cearta an Duine de chuid BOO Chorcaí a phoibliú agus a chur i bhfeidhm laistigh den eagraíocht níos leithne Cuirfean tús le hobair maidir le measúnú agus tosaíocht a dhéanamh ar shaincheisteanna comhionannais agus cearta daonna a bhíonn ag úsáideoirí seirbhíse agus ag baill foirne. 	Measúnú ar Shaincheist um Chearta an Duine agus Comhionannas	Ráiteas Luachanna forbartha agus foilsithe; cuireadh tús le measúnú ar shaincheisteanna um Chearta an Duine agus Comhionannas d'fhonn iad a thabhairt chun críche in 2022.

<p>Seirbhísí Párolla Comhroinnte ESBS</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Ullmhú d'íocaíochtaí foghlaimoírí idirthréimhseacha agus iad a chur i bhfeidhm ó CETB go ESBS • Ullmhú d'aistriú párollaí fostaithe ó CETB go réiteach seirbhíse Párolla Comhroinnte ESBS agus a chinntiú go mbainfear amach gach tasc réamh-chur chun feidhme a shainaithnítear go himheánach agus trí BRC ESBS (Seicliosta Ullmhachta Gnó) • Réiteach seirbhíse comhroinnte ERecruitment a fhorbairt le cur i bhfeidhm ar fud na mBOOanna go léir 	<ul style="list-style-type: none"> • Oibriú le ESBS ar dhearadh agus ar chur i bhfeidhm an chórais • Ceannaire aistrithe agus Foireann Tionscadail FBManna le comhaontú • Réimsí a aithint inar féidir athruithe a chur i bhfeidhm mar ullmhúchán don aistriú go réiteach párolla comhroinnte • Córas PTT DCS a rolladh amach chuig na hionaid atá fágtha • Acmhainn do FBManna a chur ar fáil chun oibriú le 	<ul style="list-style-type: none"> • Aistriú rathúil foghlaimoírí tonn 2 go ESBS. • Príomh-acmhainní i bhfeidhm agus folúntais iarmhartacha aitheanta agus líonta. • Athruithe curtha i bhfeidhm a chinnteoidh ullmhacht don uasghrádú • Na hionaid go léir atá fágtha (6) aistrithe chuig bileoga ama leictreonacha 	<p>Aistriú foghlaimoírí VTOS agus Ógtheagmháil i gcomhréir le cur i bhfeidhm ESBS frama ama R2.</p> <p>Gach mír réamhfeidhmithe a sainaitníodh mar a éilítear ar sheicliosta ullmhachta Ghnó ESBS i bhfeidhm faoi dheireadh R3/R4 2021</p> <p>Cé gur athraíodh roinnt spriocdhátaí mar gheall ar luachanna gan choinne lean BOO Chorcaí agus ESBS orthu ag obair i gcomhar le linn 2021 ar</p>
---	---	--	--	--

		ESBS chun réiteach a chomhaontú don mhodúl ERecruit ar CoreHR	<ul style="list-style-type: none"> Fréamhshamhail de réiteach ERecruitment a chomhaontú lena cur i bhfeidhm mar chuid den phlean Seirbhísí Comhroinnte 	fud na dtionscadal go léir
Bonneagar Tógála	Leanúint ar aghaidh ag tacú le hinfheistíocht Chaipitil na Roinne i Scoileanna agus le bonneagar Eastáit na hearnála Breisoideachais agus Oiliúna agus tionchar a imirt orthu	Bainistíocht agus riarachán a dhéanamh ar Thionscadail reatha agus ar Thionscadail amach anseo de réir na dtreoirínte Teicniúla.	Oibreacha a chríochnú ag - <ul style="list-style-type: none"> Campas Oideachais Charraig Uí Leighin Scoil Speisialta Pobail Charraig Uí Leighin Coláiste Dáibhis, Mala St Colmans CC Mainistir na Corann St Brogans, Droichead na Bandan – síneadh le cóiríocht bhuan Céim 1 Carraig Thuathail CC Cóiríocht shealadach Áth an Chóiste Cóiste sealadach 	Meán/Deireadh Fómhair 2021 Meán Fómhair 2021 Deireadh Fómhair 2021 Meán Fómhair 2021 Lúnasa 2021 Lúnasa 2021 Márta 2021 Iúil 2021

			<ul style="list-style-type: none"> • Scoil Chliodna, Carraig Thuathail Cóiríocht Shealadach • Coláiste Mhuire, Cill na Mallach Lóistín Sealadach • Coláiste Choilm Lóistín Sealadach <p>Dearadh agus Soláthar a Chur Chun Cinn do -</p> <ul style="list-style-type: none"> • Coláiste Mhuire, Cill na Mallach • Coláiste Áth an Chóiste • St. Brogans Droichead na Bandan • Coláiste Choilm • Scoileanna nach scoileanna BOO iad ar iarratas ón ROS • Currach an Eich Bhuí CC An Chóibh • Coláiste Ghobnatan, Baile Mhuirne • Coláiste Treasa, Ceann Toirc 	<p>Nollaig 2021</p> <p>Samhain 2021</p>
Bainistíocht Maoine	<ul style="list-style-type: none"> • Bainistiú ar gach maoin agus léas de chuid BOO Chorcaí 	Ba cheart córais leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm chun an fhaisnéis	Clár Réadmhaoine	Athbhreithniú a dhéanamh ar mhaoin ar léas ag a

	<ul style="list-style-type: none"> Athbhreithniú agus anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar stoc tógála FET agus plan straitéiseach infheistíochta / dífheistithe a fhorbairt 	<p>uile a cheanglaítear le haghaidh maoinne agus léasanna a bhainistiú</p> <p>Ba cheart ardán nua don Chlár Maoine a thabhairt chun críche agus a chur i bhfeidhm in 2021</p> <p>Tosóidh an obair ar gach faisnéis riachtanach a phobalú maidir le maoinne agus léasanna BOO Chorcaí</p> <p>Tugadh faoi Thuarascáil Tógála do gach foirgneamh FET, agus cuireadh tús le Tuarascálacha Coinníollacha don chéad ghrúpa foirgneamh FET</p>		<p>bhfuil an daonra céanna comhlánaithe bunaithe ar an bhfaisnéis reatha atá ar fáil</p> <p>Leanadh ar aghaidh leis an obair le linn 2021 ar chlár na maoinne a nuashonrú agus le SOLAS maidir le tuairiscí staide</p>
Réiteach Bainisteoireacht Cáipéisí	Sonraíocht a chomhaontú maidir le réiteach bainistíochta cáipéisí chun freastal ar riachtanais na heagraíochta	Príomhriachtanais réiteach bainistíochta cáipéisí don eagraíocht a aithint agus a chomhaontú	Sonraíocht a chomhaontú maidir le réiteach bainistíochta cáipéisí chun tús a chur leis an bpróiseas soláthair	Tá obair ar shonraíocht ar siúl ach cuireadh moill uirthi in 2021 mar gheall ar thosaíocht na hoibre a bhaineann le ESBS
TFC	Plean Forbartha TFC	Plean Forbartha TFC a fhorbairt chun tacú le Ráiteas Straitéise CETB 2022-2026 a sheachadadh	Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara sa phróiseas	Cuireadh tús leis an obair d'fhonn í a thabhairt chun críche in 2022

Tacaíocht Foirne	Earcaíocht agus Coinneáil Foirne	Rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara ag an leibhéal náisiúnta chun tionchar ganntanas scileanna ar fud na bpríomhphost a íoslaghú, lena n-áirítear poist teagaisc.	A chinntiú gur féidir gach folúntas a fhógairt ar raon ardán – rannpháirtíocht leanúnach trí ESBS agus Soláthar Múinteoirí DES chun a chinntiú go nglactar cur chuige comhordaithe a fhreastalaíonn ar riachtanais na heagraíochta	Feabhsuithe déanta ar phróisis BOO Chorcaí
	Folláine	Leanúint le tionscnaimh folláine a chur chun cinn agus tacú leo ar bhonn eagraíochta agus scoile/lárionaid aonair	Gach suíomh chun tionscnaimh a chur chun cinn laistigh de na hacmhainní atá ar fáil Tionscnamh amháin ar a laghad ar fud na heagraíochta a aithint agus a chur chun cinn chun folláine na foirne a chur chun cinn i rith na bliana	Leanadh de thionscnaimh folláine a sheachadadh laistigh de na hacmhainní ar fáil
Eispéireas na nDaltaí agus an Fhoghlaimora a Bharrfheabhsú	Córais Dearbhaithe Cáilíochta a fhorbairt, a fheabhsú agus a chur i bhfeidhm	Leanfaidh BOO Chorcaí air ag cinntiú cuir chuige láidre dearbhaithe cáilíochta trína rannpháirtíocht san Athbhreithniú Reachtúil ar nósanna imeachta Dearbhú Cáilíochta ag QQI	Tuairisc Féinmheastóireachta Inniúil agus athbhreithniú sásúil ar an bPainéal Seachtrach	Críochnaithe agus foilsithe faoi dheireadh Ráithe 4 2021
	Comhairleoireacht treorach agus seirbhísí tacaíochta cuí a sholáthar d'fhoghlaimoirí ar fud seirbhísí FET	Seirbhís Comhairleoireachta d'fhoghlaimoirí a sholáthar. Síceolaí Oideachais a fhostú	Seirbhísí tacaíochta feabhsaithe i bhfeidhm, feabhsuithe ar choinneáil	Leathnaigh an Fhoireann um Chuimsiú Gníomhach chun

		agus cur leis an bhFoireann um Chuimsiú Gníomhach	agus gnóthachtáil foghlaimeoirí	tacaíocht a sholáthar thar raon tionscnamh.
	Dul i dteagmháil ar bhealach níos éifeachtaí le fostóirí	<p>Feidhm rannpháirtíochta fostóra an BOO a fhorbairt trí bhaill foirne a athshannadh i róil rannpháirtíochta fostóra ar leith chun freastal ar riachtanais fostóirí maidir le huas-sciliú agus athoilúint daoine i bhfostaíocht de réir fhorálacha an tionscnaimh Scileanna ar mhaithe le Dul chun Cinn.</p> <p>Tús a chur le raon clár faoin tionscnamh Scileanna chun dul san iomaíocht d'oibrithe a bhfuil tionchar ag COVID 19 orthu</p> <p>Bealaí cumarsáide éifeachtacha a fhorbairt d'fhostóirí agus d'fhostaithe agus leo. Leanfaidh BOO Chorcaí ag cur feabhais ar theagasc agus ar fhoghlaim ar chlár bhunaithe trí chlár scáthaithe oibre spriocdhírthe don bhfoireann</p>	<p>Foireann foirne ag obair ar bhonn comhordaithe chun feasacht ar sheirbhísí BOO Chorcaí agus ar riachtanais fostóirí a mhéadú</p> <p>Réimse Scileanna chun Cláir agus tionscnaimh a fhorbairt agus a sheachadadh le fostóirí d'fhostóirí atá ann cheana</p> <p>Méadú ar an líon daoine a ghlacann páirt sna Cláir Scileanna ar mhaithe le Dul chun Cinn agus sa bhfoireann don chlár scáthaithe oibre.</p>	<p>Struchtúr rannpháirtíochta fostóirí i bhfeidhm faoi R2 2021</p> <p>Cláir atá le seachadadh thar 2021</p>
	Bealaí cumarsáide agus faisnéis atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí a fheabhsú	<p>Pointe rochtana aonair a fhorbairt d'fhoghlaimeoirí chun faisnéis a fháil maidir le seirbhísí agus cúrsaí FET</p>	<p>Tairseach faisnéise FET</p>	<p>Cuireadh tús leis an obair mar chuid de Chlár FET College of the Future agus tá</p>

			Cur chuige comhtháite na meán sóisialta do sheirbhísí FET	comhordú na faisnéise ag glacadh ardtosaíochta
	Roghanna foghlama ar líne agus cumaiscthe atá ar fáil d'fhoghlaimoirí a mhéadú	<p>Straitéis um Foghlaim Chumaisc fhaofa a fhorbairt.</p> <p>Réimsí cuí a aithint le haghaidh seachadadh foghlama cumaisc</p> <p>A chinntiú go n-ionchorpraítear na scileanna a sealbhaíodh le linn cianfhoghlama sa timpeallacht Teagaisc agus Foghlama i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna i gcomhthéacs filleadh ar thimpeallacht fhisiciúil scoile</p>	<p>Straitéis faofa ag QQI</p> <p>Cláir Foghlama Cumaisc atá ar fáil i 4 réimse/ disciplín ábhair ar a laghad</p> <p>Oibríonn gach scoil/ionad go réamhghníomhach chun scileanna a foghlaimíodh le linn na tréimhse cianfhoghlama a leabú.</p> <p>Úsáideann scoileanna/lárionaid na scileanna a fhorbraítear le linn na céime cianfhoghlama chun an tseirbhís d'fhoghlaimoirí a fheabhsú agus go háirithe chun an tseirbhís d'fhoghlaimoirí nach mbeadh in ann freastal ar an scoil/ionad go pearsanta ar feadh tréimhse ar leith a fheabhsú</p>	<p>Faoi dheireadh R3</p> <p>Ó R2 2021</p> <p>Beidh straitéis i bhfeidhm ag gach scoil/lárionad chun na scileanna a foghlaimíodh le linn cianfhoghlama a ionchorprú agus tógáil orthu.</p>

	Plean Forbartha BOO comhaontaithe a fhorbairt chun samhail "FET College of the Future" a sheachadadh faoi threoir na straitéise Náisiúnta Breisoideachais agus Oiliúna	Plean Forbartha forbartha a dhéanann soláthar do sheachadadh seirbhíse comhtháite FET	Forbairt i bhfeidhm chun tacú le Ráiteas Straitéise BOO Chorcaí 2022 -2026	Plean i bhfeidhm le comhaontú in 2021 chun Coláiste FET Chorcaí a bhunú leis an gCampas agus na struchtúir barr feabhais a bhaineann leis aitheanta.
	Aghaidh a thabhairt ar riachtanais daoine aonair agus pobail atá faoi mhíbhuntáiste	Forbróimid tacaíochtaí breise agus creat comhtháite tacaíochtaí chun freastal ar riachtanais na ndaoine sin atá faoi mhíbhuntáiste	Fócas ar Oideachas faoi Mhíbhuntáiste a Mhaolú	Sásraí freagartha atá i bhfeidhm le haghaidh freagairt chomhordaithe ar úsáid iomlán an mhaoinithe atá ar fáil a chinntiú.
	Áit a shainiú do CETB laistigh den earnáil Oideachais Threasaigh áitiúil agus náisiúnta.	Rachaimid i dteagmháil le soláthraithe HE áitiúla agus náisiúnta chun bealaí agus naisc dul chun cinn breise agus nua a chruthú d'fhoghlaimoirí atá ag gabháil do chlár Bhreisoideachais agus Oiliúna	Comhaontuithe dul chun cinn breise i bhfeidhm. Comhaontuithe chun clár chomhthráthacha a fhorbairt le soláthraí HE amháin ar a laghad	Leanadh ar aghaidh le rannpháirtíocht dhearfach i rith 2021
ÓIGE	Leanúint ar aghaidh ag tacú le soláthar, forbairt agus measúnú seirbhísí oibre óige ar fud Chorcaí trí acmhainní cuí spriocdhírith a sholáthar	Leanúint ar aghaidh ag cur UBU, "D'Áit, Do Spás" i bhfeidhm i gcomhar le soláthraithe Seirbhíse Óige agus gníomhairí atá ag gníomhú thar ceann CETB	Athbhreithniú rathúil ar thionscadail reatha, pleananna seirbhíse comhaontaithe agus curtha i bhfeidhm do gach tionscadal/réimse spriocdhírith	Tosaíochtaí agus fócas comhaontaithe bunaithe i rith 2021

Scoileanna	Plean Croíluachanna na mBunscoileanna agus na nIarbhunscoileanna a chur i ngníomh	I gcomhar le ETBI críochnóimid Céim 1 den Plean cur chun feidhme agus cuirfimid tús le Céim 2 den Plean	Beidh teagmháil ag gach scoil leis an bPlean le linn Céim 1. Beidh tús curtha ag an scoil phiólótach lena rannpháirtíocht mar chuid de Céim 2	Cuireadh Céim 1 i gcrích agus cuireadh tús le Céim 2 agus ghlac gach scoil páirt ghníomhach trí chomhordaitheoir luachanna a aithint
	An Ardeistiméireacht/Ardeistiméireacht Fheidhmeach athbhreithnithe agus próiseas na scrúduithe Teastais Shóisearaigh críochnaithe go rathúil	I gcomhpháirtíocht leis an ROS agus an CMO cinnteoidimid go mbeidh na nósanna imeachta riachtanacha go léir i bhfeidhm againn ionas go mbeidh ár scoláirí go léir in ann dul i ngleic go hiomlán leis an LC/LCA agus leis an bpróiseas scrúdaithe/measúnaithe JC don bhliain 2021.	Na scrúduithe / measúnuithe stáit a chur i gcrích go rathúil de réir na gceanglas náisiúnta.	Beidh gach scoláire in ann barr feabhais a chur ar a gcuid feidhmíochta sna scrúduithe / measúnuithe stáit. Gach scoláire a ghlac páirt go rathúil i bpróiseas Scrúduithe Stáit 2021

5. Forbhreathnú ar Sheirbhísí Breisoideachas, Oiliúint agus Corparáideacha

SCOILEANNA

Bunscoileanna

Tá BOO Chorcaí ina phátrún ar 2 Phobalscoil Náisiúnta (CNS) agus 1 Phobalscoil Náisiúnta Speisialta. I gcás BOO Chorcaí, is tús nua é ár rannpháirtíocht san oideachas bunscoile in Éirinn.

- Scoil Náisiúnta Phobail Scoil Aonghusa, Mala
- Scoil Náisiúnta Phobail Scoil Chlíodhna, Carraig Thuathail
- Scoil Speisialta Pobail Charraig Uí Leighin

Leanfaidh BOO Chorcaí ag soláthar comhairle agus tacaíocht oideachais, airgeadais, acmhainní daonna agus tógála do gach ceann de na scoileanna seo chomh maith le tacaíocht dá rialachas agus bainistíocht fhoriomlán. Bunaíodh Boird Bhainistíochta freisin agus tá oiliúint ar siúl chun a chur ar a gcumas a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh.

Iar-bhunscoileanna

Tá BOO Chorcaí mar phátrún ar 24 gcoláiste iar-bhunscoile. Ainmnítear dhá cheann déag de na coláistí seo mar choláistí Pobail ina bhfuil comhaontú leis an Easpag Caitliceach Rómhánach áitiúil maidir le rannpháirtíocht deoise i rialachas an choláiste. Soláthraíonn BOO Chorcaí raon seirbhísí do na scoileanna seo lena n-áirítear airgeadais, acmhainní daonna, foirgnimh, TFC, tacaíocht rialachais chomh maith le tacaíocht phleanála oideachais.

Tá BOO Chorcaí ina chomhphátrún freisin le deoise nó ord rialta de 12 Scoil Pobail agus Chuimsitheach i gCorcaigh.

Ina theannta sin, soláthraíonn BOO Chorcaí roinnt suíomhanna oideachais de chineál iar-bhunscoile chun tacú le soláthar oideachais iar-bhunscoile do mhic léinn nach bhfuil sa soláthar príomhshrutha. Aonaid sainchúraim, ardtacaíochta agus cúraim cónaithe atá sna suíomhanna sin, is iad sin Coláiste Ard Álainn, Ospidéal Stiofáin, Gleann Maghair agus Éist Linn, An Dúcharraig, Corcaigh.

BREISOIDEACHAS & OILIÚINT

Coláistí Breisoideachais (PLC)

Tá 4 Choláiste Breisoideachais tiomnaithe ag BOOC a leanann ag seachadadh raon agus próifíl de chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta atá cosúil go mór leo siúd a seachadadh an bhliain roimhe sin. Cé go ndearna coláistí, nuair ab fhéidir, cúrsaí a oiriúnú agus a mhodhnú chun freastal ar riachtanais an mhargaidh saothair agus foghlaimoírí áitiúla, tá srian fós ar an gcumas laistigh den BOO soláthar a dhéanamh d'fhorbairt agus do thabhairt isteach cúrsaí go hiomlán nua, mar gheall ar neamhábaltacht sainfhoireann bhreise a earcú, toisc go raibh níos mó múinteoirí ag an scéim ná a leithdháileadh múinteora.

De réir na riachtanas ó SOLAS agus ó Chomhaontú Pleanála Straitéisí an BOO, rinneadh gach cúrsa PLC a chatagóiriú go foirmiúil i dtéarmaí a bhfócas ar iontráil sa mhargadh saothair (fostaíocht) nó ar dhul ar aghaidh chuig breisoideachas nó ardoideachas.

Leanann an earnáil Iar-Ardteistiméireachta de bheith ag plé le tabhairt isteach Printíseachtaí agus Oiliúna agus d'éirigh léi an rud sin a thabhairt isteach sna Coláistí.

Ionad Oiliúna Chorcaí (Seirbhísí Oiliúna)

Is é Ionad Oiliúna Chorcaí, atá suite ar Ascaill Rosa, Baile an Easpaig, an t-ionad oibríochta agus an mol do na seirbhísí oiliúna go léir a sholáthraíonn BOOC faoi Bhreisoideachas agus Oiliúint. Cé gurb é an t-ionad an áit seachadta do raon printíseachta lena n-áirítear oiliúint lasmuigh den ionad oibre (Céim 2), freastalaíonn an t-ionad ar raon sainchlár oiliúna agus gníomhaíonn sé mar an t-ionad comhordaithe agus riaracháin do sholáthar oiliúna, le raon oifigí tacaíochta Breisoideachais agus Oiliúna de chuid BOO Chorcaí, lena n-áirítear Dearbhú Cáilíochta, Treoirchomhairleoiracht agus Seirbhísí Óige atá lonnaithe ann.

De réir pharaiméadair agus riachtanais phleanála náisiúnta Breisoideachais agus Oiliúna, leanfaidh seirbhísí oiliúna BOOC ag iarraidh méid na hacmhainne oiliúna printíseachta is féidir a sheachadadh tríd an ionad a mhéadú, trí na spásanna oiliúna atá ann cheana a athchumrú agus infheistiúocht a dhéanamh i gcumas breise lasmuigh den ionad. Cuireann an t-ionad Oiliúna fócas agus béim ar leith ar fhorbairt agus ar sheachadadh oiliúna breise do dhaoine i bhfostaíocht de réir pholasaithe SOLAS de réir mar a fhorbraítear iad.

Soláthraíonn feidhm Oiliúna BOO Chorcaí cláir chun scileanna a thabhairt do dhaoine dífhostaithe, chun a scileanna a athnuachan nó scileanna nua a thabhairt dóibh, chomh maith le cuardaitheoirí poist eile chun go mbeidh siad ábalta post a aimsiú agus/nó dul ar aghaidh go dtí ardoideachas nó breisoideachas agus oiliúint a chuirfidh ar a gcumas dul san iomaíocht sa mhargadh saothair. Seachadtar na cláir seo trí chúrsaí lánaimseartha lae, um thráthnóna nó trí chúrsaí ar líne. Tá líon na gníomhaíochta ag laghdú i soláthar spriocdhírthe do dhaoine dífhostaithe de réir mar a thiteann líon na ndaoine ar an mbeochlár. Léirítear méid na gníomhaíochta oiliúna sa bhuiséad oiliúna bliantúil.

Dhírigh seirbhísí oiliúna ar a gcumas agus a gcur chuige a fhorbairt chun na tiomantais agus na tosaíochtaí atá leagtha amach sa straitéis Scileanna chun Dul Chun Cinn a chomhlíonadh, ina ndéantar foráil d'usoiliúint agus athoiliúint daoine i bhfostaíocht. Faoi na trí snáithe atá leagtha amach sa straitéis, forbraítear soláthar oideachais agus oiliúna chun riachtanais oiliúna agus forbartha gairmiúla na bhfostaithe a shásamh, agus soláthraítear é ar bhealach a bhfuil sé mar aidhm aige riachtanais na bhfostóirí agus fostaithe araon a shásamh. Leantar ag forbairt cumas BOOC chun seachadadh faoin straitéis Scileanna chun Dul Chun Cinn.

Seirbhísí Óige

Soláthraíonn BOO Chorcaí raon seirbhísí óige do dhaoine óga ar fud an réigiúin faoi chlár éagsúla Óige arna maoiniú ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, trí roinnt soláthróirí maoinithe Seirbhíse don Aos Óg. Le leithdháileadh bliantúil maoinithe don Óige de níos mó ná €2.5 milliún, tá sé mar aidhm ag Seirbhís Óige BOO Chorcaí gníomhaíochtaí rannpháirtíochta don aos óg a sholáthar lasmuigh den suíomh foirmiúil oideachais chun daoine óga a spreagadh agus tacú leo a bheith gníomhach ina bpobail, mar shaoránaigh, eiseamláirí agus ceannairí i measc a bpíaráí.

Bíonn BOO Chorcaí, trína Aonad Seirbhísí Óige, i dteagmháil le roinnt eagraíochtaí Óige chun Seirbhísí Óige a sholáthar thar a cheann, lena n-áirítear:

- YMCA
- Foróige
- Obair d'Ógra Éireann, Corcaigh
- Seirbhísí don Aos Óg, An Cóbh
- Clann Shíomóin, Corcaigh
- Meitheal Mara
- Good Shepherd Services

- Iontaobhas Pháirc na hEaglaise.

Tá BOO Chorcaí freagrach as maoiniú a riaradh do níos mó ná 35 tionscadal agus seirbhís óige ar fud Chathair agus Chontae Chorcaí.

Faigheann an Fhoireann Seirbhísí Óige tacaíocht ó Sheirbhísí Corparáideacha chun monatóireacht a dhéanamh ar dheontais do pháirtithe leasmhara éagsúla. Tá próifiliú suntasach limistéir ag teastáil don scéim, dar teideal “*UBU, D’Áit Do Spás*”, chun na riachtanais i measc an chohóirt spriocdhírthe a aithint agus chun cuir chuige dírithe oiriúnacha a fhorbairt in éineacht le soláthraithe seirbhíse chun na riachtanais sin a chomhlíonadh. Tá sé seo á fhorbairt i gcónaí.

Déanann Coiste den Bhord maoirseacht ar Sheirbhísí Óige BOOC atá freagrach as pleanáil straitéiseach agus monatóireacht.

Ógtheagmháil

Ag teacht le plean straitéiseach BOOC, tá sé mar aidhm againn oideachas agus oiliúint ardchaighdeáin a sholáthar a léiríonn réaltachtaí an domhain nua-aimseartha agus a mhéadaíonn deiseanna dul chun cinn foghlaimoírí chuig fostaíocht agus/nó breisoideachas.

Is clár oideachais agus oiliúna é Ógtheagmháil do dhaoine óga idir 15 agus 20 bliain d’aois, a dteastaíonn rogha eile uathu ón suíomh foirmiúil oideachais. Díríonn an clár Ógtheagmhála mar a chéile ar fhorbairt scileanna acadúla, gairme agus boga agus tá deis ag foghlaimoírí teastas a fháil ag Leibhéal 3 agus Leibhéal 4. Éascaíonn an clár a rochtain, a n-aistriú agus a ndul chun cinn chuig breisoideachas, oiliúint agus fostaíocht.

Litearthacht d’Aosaigh

Díríonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ar Sheirbhís chomhtháite Oideachais Litearthachta d’Aosaigh a chur ar fáil le creidiúnú ó Leibhéal 1-6, ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ). Laistigh den sainchúram seo soláthraíonn Seirbhís Litearthachta BOOC na réimse leathan clár dírithe ar scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta, uimhearthachta agus TFC a fheabhsú d’Aosaigh ar mian leo a n-inniúlachtaí a fheabhsú agus a rannpháirtíocht fheidhmiúil sa saol pearsanta, sóisialta, pobail agus eacnamaíoch a fheabhsú. Tá na cláir a chuirtear ar fáil éagsúil agus solúbtha agus bíonn idir thacaíocht duine le duine ó shaorálaithe, dhianteagasc grúpa agus thorthaí creidiúnaithe/deimhnithe. Díríonn an deimhniú ar thorthaí foghlama ag leibhéal 1-3 NFQ.

Oibríonn an tseirbhís go dlúth leis an tSeirbhís um Oideachas Aosach níos leithne chun roghanna dul chun cinn foghlaimoírí a sholáthar a bhaineann go sonrach le riachtanais na bhfoghlaimoírí, na bhfostóirí agus an cheantair gheografaigh. Idirchaidreamh a dhéanamh le comhghleacaithe le linn an phróisis phleanála lena chinntiú go seachadtar cláir fhriothálacha iomchuí ag Leibhéal 3 le bealaí dul chun cinn soiléire chuig cláir Leibhéal 4 agus 5.

Tríd an gclár Scileanna don Obair, téann an tseirbhís litearthachta i dteagmháil le fostóirí chun cláir a sheachadadh atá dírithe ar leibhéal inniúlachta na bhfostaithe le leibhéal ísle cáilíochtaí oideachais a ardú, scileanna riachtanacha TF a fheabhsú a chuireann ar chumas fostaithe déileáil le hathruithe rialta agus leanúnacha ar chleachtais oibre. Cuirtear teagasc ESOL ar fáil suas go Leibhéal 3 CNC agus tugtar tosaíocht d’iarrthóirí tearmainn agus d’oibrítithe inimircigh nó imirceacha ar ioncam íseal ón AE. Tugann an clár um Fhoghlaim Teaghlaigh tacaíochtaí fíorthábhachtacha do thuismitheoirí a bhfuil a gcuid oideachais féin teoranta, ag cuidiú leis na constaicí idir an fhoghlaim i gcomhthéacsanna éagsúla a bhriseadh síos.

Oideachas Pobail

Cuirtear Oideachas Pobail ar fáil i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí pobail chun deiseanna foghlama áitiúla a sholáthar. Is í an aidhm ná tógáil ar chumas na bpobal áitiúil dul i mbun freagraí ar mhíbhuntáiste oideachais agus struchtúrach a fhorbairt.

Déantar seirbhísí Oideachais Aosach agus Pobail BOO Chorcaí a bhainistiú agus a chomhordú ar bhonn fo-réigiúnach, agus tá ceithre limistéar pleanála agus seachadta ailínithe le ceantair an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ), Corcaigh Thuaidh, Corcaigh Theas, Corcaigh Thiar agus Cathair Chorcaí.

Cé go bhfuil formhór na gcúrsaí a chuirtear ar fáil faoi na cláir sin ar bhonn páirtaimseartha, tá siad struchtúrtha ar bhealach a éascaíonn dóibh rochtain a fháil ar bhreisoideachas, oiliúint agus fostaíocht, nó aistriú chucu nó dul ar aghaidh go dtí iad, más más mian leis na rannpháirtithe. Cuireann siad meascán de chláir chreidiúnaithe / deimhnithe ar fáil, go ginearálta ag Leibhéil 2 go 4 den CNC, le roinnt clár forbartha acmhainne neamhchreidiúnaithe dírithe ar fhoghlaimoirí nach bhfuil oideachas foirmiúil críochnaithe acu.

Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas (BTEI)

Is é aidhm fhoriomlán an chláir Tionscnamh um Fhilleadh ar an Obair ná méadú a chur ar rannpháirtíocht i measc daoine óga agus daoine fásta nach bhfuil oideachas meánscoile uachtaraí acu i ndeiseanna foghlama páirtaimseartha creidiúnaithe ar féidir dámhachtainní ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a ghnóthú astu chun a éascú dóibh rochtain a fháil ar oideachas eile nó conairí fostaíochta, ó aistriú chucu nó dul ar aghaidh go dtí iad.

Díríonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ar Sheirbhís chomhtháite um Oideachas Aosach a chur ar fáil, le creidiúnú ó Leibhéil 1-6, ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Mar chuid den tseirbhís seo, oibríonn an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas go dlúth le hOideachas Bunata d'Aosaigh, Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais agus an tSeirbhís Oideachais d'Aosaigh chun roghanna dul chun cinn d'fhoghlaimoirí a bhaineann go sainiúil le riachtanais an cheantair áitiúil agus na bhfoghlaimoirí a chur ar fáil. Déanann an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas idirchaidreamh le Coláistí Breisoideachais, Soláthar Oiliúna agus Comhordaitheoirí Ógtheagmhála lena chinntiú go seachadtar cláir friothálacha ag Leibhéal 4 ar chláir PLC Leibhéal 5.

Díríonn an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas go príomha ar chúrsaí QQI Leibhéal 4 a sholáthar le Leibhéil 3 agus 5 á seachadadh ar leibhéal níos lú. Soláthraíonn na cúrsaí seo bealach dul chun cinn ó chúrsaí leibhéal níos ísle agus freisin dul ar aghaidh chuig cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta agus Ionad Oiliúna.

Seirbhísí Treorach Chorcaí

Cuireann Seirbhís Treorach BOO Chorcaí seirbhís rúnda, neamhchlaonta agus saor in aisce ar fáil atá ar fáil d'fhoghlaimoirí fásta reatha agus do dhaoine fásta dífhostaithe a bhfuil cáilíocht (i) QQI níos lú ná Leibhéal 6 acu. Cuidíonn ár bpearsanra Treorach le foghlaimoirí a gcuid spéiseanna agus a gcumas a iniúchadh agus na roghanna cúrsa is fearr a aithint.

Seirbhísí Oideachais Allamuigh

Soláthraíonn Ionad Oideachais Allamuigh Mara Fastnet na Scoile, agus Ionad Oideachais Allamuigh Cionn tSáile raon iomlán clár agus cúrsaí.

TACAÍOCHT EAGRAÍOCHTÚIL

Tá na seirbhísí a sholáthraíonn tacaíocht eagraíochtúil dírithe ar sheirbhísí neamhfhoghlama a sholáthar atá riachtanach chun cabhrú le hoideoirí agus le hoiliúnoirí díriú ar sheirbhísí díreacha a sholáthar d'fhoghlaimoirí lena chinntiú go bhfuil eispéireas foghlama ar ardchaighdeán acu agus go bhfanann BOO Chorcaí nuálach, freagrúil agus chun tosaigh maidir le soláthar oideachais agus oiliúna.

Óna bunaíodh é, tá BOO Chorcaí tar éis athruithe a athbhreithniú agus a chur chun feidhme ar an gcaoi a ndéanann an Phríomhoifig seirbhísí neamhfhoghlama a struchtúru agus a sholáthar do gach réimse den soláthar foghlama.

Faoi láthair, tá na seirbhísí seo roinnte i gcúig rannóg, a bhfuil sainchúram leathan orthu go léir agus atá riachtanach lena chinntiú go gcomhlíonann an eagraíocht na ceanglais maidir le rialachas corparáideach agus í in ann ceanglais a chomhlíonadh faoin raon leathan reachtaíochta a mbíonn tionchar acu ar an eagraíocht.

Cé gur próiseas leanúnach éabhlóide é dearadh eagraíochtúil, tá roinnt tionscadal earnála á ndéanamh ag an ROS ar bhonn náisiúnta. Tá na tionscadail seo, agus go háirithe seirbhísí comhroinnte i bpárolla agus in airgeadas araon, tábhachtach don earnáil agus do BOO Chorcaí. Le linn 2021 lean BOO Chorcaí air ag obair i gcomhar agus go dearfach le páirtithe leasmhara ábhartha agus go háirithe le ESBS.

Agus é ag ullmhú chun aistriú chuig seirbhísí comhroinnte, cuireadh tús le hathbhreithniú ar limistéir fheidhmiúla faoi gach roinn le linn 2021 d'fhonn struchtúir nua a chur i bhfeidhm in 2022. D'fheidhmigh na ranna do 2021 mar atá leagtha amach thíos.

Leanann BOO Chorcaí ag glacadh páirte go dearfach i dtionscadail náisiúnta toisc go n-aithnítear gur próiseas forbartha de réir a chéile atá i gceist heagraíocht a fhás agus a fhorbairt.

Caipiteal & Soláthar

Soláthraíonn an Rannóg Caipitil & Soláthair raon seirbhísí chun tacú le Coláistí agus Ionaid maidir le clár thógála agus riachtanais soláthair. Tá an dá réimse an-éagsúil, agus is é an raon seirbhísí a chuirtear ar fáil;

Foirgnimh

- Tionscadail Chaipitil Foirgníochta an BOO do scoileanna nua, síntí, cóiríocht shealadach, srl
- Iarratas ar chead pleanála riachtanach agus achomhairc
- Scéim Oibreacha Samhraidh do Scoileanna
- Scéim Oibreacha Éigeandála
- Ábhair thógála féinmhaoinithe BOO
- Bainistíocht Saoráidí - cothabháil AO, éifeachtúlacht fuinnimh BOOC, srl a eagrú
- Tacú le scoileanna nach scoileanna BOO iad nuair a iarrann Tionscadail Chaipitil Aonad Tógála ROS air sin.

Soláthar

- Forbairt agus monatóireacht ar nósanna imeachta BOOC (AO agus BOO níos leithne) chun a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais dea-chleachtas agus C&AG
- Earraí / seirbhísí a sholáthar de réir beartas agus nósanna imeachta
- Orduithe ceannaithe / íocaíochtaí na Ceannoifige)

- Idirchaidreamh a dhéanamh le OGP, BOOÉ, fóraim soláthair srl.
- Clár conarthaí agus athnuachana a choinneáil

Seirbhísí Corparáideacha

Is í príomhfheidhm na Seirbhísí Corparáideacha a chinntiú go bhfuil struchtúir rialachais i bhfeidhm agus go bhfuil comhlíonadh na gceanglas reachtach agus ciorclach i bhfeidhm agus go bhfuil an t-athbhreithniú ar chórais agus cleachtais oibre agus feabhsú na timpeallachta rialaithe inmheánaigh ag cur leis. Is iad seo a leanas cuid de na sainréimsí faoi shainchúram na rannóige;

- Rialachas Corparáideach
- Cosaint Sonraí
- Saoráil Faisnéise
- Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair
- Íocaíochtaí Foghlaim
- Bainistíocht Maoine agus Ar Léas
- Margaíocht & Cumarsáid
- Bainistíocht na gComhaontuithe Leibhéal Seirbhíse
- Scéim na dTeangacha Gaeilge Oifigiúla
- Árachas
- Díl
- Seirbhísí Tacaíochta Riaracháin don Bhord agus don Fheidhmeannas

Acmhainní Daonna

Soláthraíonn an Rannóg Acmhainní Daonna raon seirbhísí a thacaíonn le Bainisteoirí agus foireann BOO Chorcaí. Clúdaíonn na seirbhísí gach gné den fhostaíocht ó “earcaíocht go scor” de chomhaltaí foirne lena chinntiú go gcomhlíonann BOO Chorcaí agus a Bhainisteoirí reachtaíocht fostaíochta agus ciorclán. Is iad seo a leanas cuid de na seirbhísí a chuirtear ar fáil;

- Earcaíocht
- Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
- Leithdháileadh agus Úsáid Foirne
- Bainistíocht Conartha
- Riarachán Párolla
- Riarachán Saoire
- Sláinte Ceirde
- Comhaontuithe agus/nó córais náisiúnta a chur chun feidhme
- Caidreamh Foirne
- Oiliúint Foirne agus Forbairt
- Aoisliúntas

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Tá ról TFC ag teacht chun cinn i ngach gné de sheirbhísí BOO Chorcaí. Tá méadú suntasach tagtha ar a thábhacht ó thaobh tacú le riarachán agus rialachas mar aon le teagasc agus foghlaim. Mar Rannóg, is mar seo a leanas a bhfuil raon na seirbhísí agus tacaíochtaí do Choláistí/Ionaid;

- Bainistíocht Tionscadail ar chórais nua lena n-áirítear uasghrádaithe
- Forbairt agus bainistíocht bonneagair orthu sin

- Córais bogearraí agus uasghráduithe iomchuí a shainaitint ina leith
- Córais cumarsáide a fhorbairt agus a chothabháil
- Tacaíocht Theicniúil
- Bainistíocht Conraitheoirí
- Seirbhís chomhairleach do sholáthar
- Pleananna Cúlta / Aisghabhála Tubaiste
- Cosaint agus Slándáil Sonraí TF
- Bainistíocht agus caiteachas Deontas TFC Caipitil agus Digiteach
- Bainistíocht ceadúnais bogearraí
- Bainistíocht Gléasanna lena n-áirítear Gléasanna Soghluaiste

Airgeadas

Déanann Rannóg Airgeadais BOO Chorcaí cuntais BOO Chorcaí a bhainistiú agus cuireann sí maoirseacht airgeadais agus comhairle ar fáil chun comhlíonadh na reachtaíochta agus na giorclán a chinntiú. Is iad seo a leanas cuid de na seirbhísí a chuirtear ar fáil;

- Íocaíochtaí agus Cártaí Íocaíochta - nósanna imeachta gaolmhara, ceaduithe, rialuithe agus comhlíonadh (lena n - áirítear, oiliúint chonarhach, creidiúnaithe, deontais agus taisteal agus cothabháil
- Párolla don fhoireann / printísigh / foghlaimeoirí
- Baincéireacht
- Admháil
- Tuairisciú agus réiteach cuntas maidir le hidirbheart airgeadais
- Ráitis Airgeadais Bhliantúla a ullmhú
- Buiséadú agus réamh-mheastacháin
- Éilimh Chiste Sóisialta na hEorpa a bhainistiú
- Sruthanna maoinithe / Fáltais / Táillí Eile a bhainistiú
- Iniúchtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus Chiste Sóisialta na hEorpa a chomhordú
- Athbhreithniú ar Theimpléid Rialaithe Inmheánaigh
- Tuairiscí Iniúchta- Rianaitheoir Moltaí
- Cláir Sócmhainní
- Tuairisciú don Choiste Airgeadais, don Choiste Iniúchta / Riosca agus don Bhord

SEIRBHÍSÍ EILE

Seirbhísí Naíolainne

Feidhmíonn BOO Chorcaí dhá naíolann, Lios Na nóg agus Cuddles. Soláthraíonn na seirbhísí seo seirbhísí luathbhlianta d'fhoghlaimeoirí, don fhoireann agus tacaíonn siad le teaghlaigh i bhfostaíocht le socrúcháin riachtanacha cúram leanaí. Tá na socrúcháin a thairgtear ar bhonn lánaimseartha agus oibrítear gach scéim stáit sa dá naíolann de réir na riachtanas maoinithe mar atá leagtha amach ag POBAL agus oibríonn siad de réir threoirínte FSS.